**Parlaimint na hEorpa,**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**B9-0101/2019**

18.9.2019

# TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚIN

de bhun Riail 143 de na Rialacha Nós Imeachta

maidir leis an gCaismír

**Richard Corbett, Anthea McIntyre**

**B9-0101/2019**

**Tairiscint i gcomhair rún maidir leis an gCaismír**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint do Riail 143 dá Rialacha Nós Imeachta

A. de bhrí go bhfuil an India tar éis:

- an stádas bunreachtúil ag an gcuid sin den Chaismír atá á rialú aici a athrú go haontaobhach agus freisin Ladakh a dheighilt ón gCaismír;

- 35 000 trúpaí breise a sheoladh ansin, polaiteoirí áitiúla a ghabháil, agus modhanna cumarsáide a theorannú;

- tuarascáil ó UNHCR maidir leis an gCaismír a dhiúltú;

B. de bhí nár cuireadh chun feidhme riamh na rúin ón gComhairle Slándála lena gceanglaítear go mbeadh reifreann ann i measc mhuintir na Caismíre uile chun a stádas a chinneadh;

C. de bhrí go bhfuil caibidlíochtaí trádála tosaithe idir AE agus an India;

1. ag cáineadh na n-athruithe aontaobhacha atá déanta ag an India ar stádas na Caismíre;

2. á iarraidh ar AE agus na Ballstáit cur chun feidhme na rún ón gComhairle Slándála maidir leis an gCaismír a chur chun cinn;

3. á iarraidh ar an dá thaobh na moltaí ó thuarascáil UNHCR a chur chun feidhme;

4. ag meas gur cheart clásal maidir le cearta an duine a áireamh in aon chomhaontú trádála idir AE agus an India;

5. á iarraidh ar an gComhairle smachtbhannaí taistil a ghlacadh i gcoinne oifigigh airm na hIndia a bhfuil baint acu leis na hainghníomhartha sa Chaismír;

6. á iarraidh ar an dá thaobh cuimhneamh ar na tairbhí daonna, eacnamaíocha agus polaitiúla thar cuimse a bhaineann leis an gcoinbhleacht sin a réiteach;

7. á iarraidh ar an India a machnamh a dhéanamh ar chostas mór a himscartha mhíleata sa Chaismír agus an smál atá ar a clú de dheasca staid chearta an duine ann atá ag dul chun donais.